Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Bealtaine 2017**
**(OR. en)**

**9271/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0014 (COD)**

**ENT 128**
**MI 425**
**CODEC 830**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8646/17 ENT 109 MI 361 CODEC 684 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5712/16 ENT 20 MI 45 CODEC 103 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar mhótarfheithlicí agus a leantóirí, agus ar chórais, ar chomhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin (An chéad léamh)<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 28 Eanáir 2016, chuir an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

2. Is é cuspóir an Rialacháin seo athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, a leagtar amach i dTreoir Réime 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ní mór an t-athbhreithniú a mheas i bhfianaise na dteicneolaíochtaí nua atá ar an margadh agus i gcomhthéacs an méid a tharla le déanaí i ndáil leis na neamhrialtachtaí i sonraí astaíochtaí gluaisteán. Sa togra ón gCoimisiún, tugtar aghaidh freisin ar na lochtanna a aimsíodh sa tseiceáil oiriúnachta a rinneadh ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair, seiceáil a rinne an Coimisiún in 2013. Dá bhrí sin, déantar iarracht sa togra fáil réidh leis na difríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i measc na n-údarás cineálcheadaithe náisiúnta agus na seirbhísí teicniúla maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na bhforálacha dlí.

Tá nasc láidir ag an athbhreithniú ar an gcreat reatha dlí leis an bpacáiste rialála i ndáil le hAstaíochtaí faoi Dhálaí Tiomána (RDE), ós rud é go dtugtar aghaidh sa phacáiste, inter alia, ar fhadhb na neamhrialtachtaí i sonraí astaíochtaí gluaisteán.

3. Sa Rialachán atá beartaithe, coimeádtar an cuspóir a bhí ag Treoir 2007/46/CE, is é sin saorghluaiseacht mótarfheithiclí agus a leantóirí sa mhargadh inmheánach a éascú, agus prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm trí cheanglais chomhchuibhithe maidir le cineálcheadú a leagan síos. Is é an aidhm atá leis sin leibhéal leordhóthanach feidhmíochta sábháilteachta agus comhshaoil mótarfheithiclí a bhaint amach agus aghaidh a thabhairt ar na príomhlaigí a sainaithníodh sa chóras cineálcheadaithe atá ann cheana. Dá bhrí sin, tugtar formhór na ngnéithe ó Threoir 2007/46/CE anonn sa Rialachán atá beartaithe. Tugadh isteach athruithe substaintiúla sna réimsí seo a leanas:

– Na forálacha maidir le seirbhísí teicniúla a atreisiú d'fhonn neartú a dhéanamh ar cháilíocht na tástála lenar féidir gluaisteán a chur ar an margadh;

– Córas éifeachtach um fhaireachas margaidh a thabhairt isteach chun comhréireacht na ngluaisteán atá ar fáil cheana ar an margadh a rialú, agus an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún spotseiceálacha a dhéanamh ar fheithiclí chun neamhchomhlíonadh a bhrath go luath;

– An córas cineálcheadaithe a atreisiú le maoirseacht Eorpach níos láidre sa phróiseas cineálcheadaithe, go háirithe trí Fhóram a bhunú chun faisnéis a mhalartú maidir le forfheidhmiú, fóram a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ó na húdaráis náisiúnta forfheidhmithe agus ó na húdaráis um fhaireachas margaidh.

4. D'eisigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim ar an 25 Bealtaine 2016.

5. Is é an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) an coiste atá freagrach as na cúrsaí seo go príomha i bParlaimint na hEorpa. Is é Daniel Dalton (ECR-UK) an rapóirtéir. Vótáil IMCO ar a thuarascáil ar an 9 Feabhra 2017. Dearbhaíodh an vótáil sin ag an gcruinniú iomlánach a bhí ag Parlaimint na hEorpa ar an 4 Aibreán 2017.

## II. AN OBAIR A RINNEADH LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE

*6.* Chuir an Mheitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) tús le scrúdú ar an togra i mí Feabhra 2016. Thionól an Mheitheal sin 25 chruinniú maidir leis an togra seo le linn Uachtaránacht na hÍsiltíre, Uachtaránacht na Slóvaice agus Uachtaránacht Mhálta.

7. Rinneadh mionscrúdú ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra sin ar an 9 agus ar an 21 Márta 2016, agus díríodh go háirithe ar na gnéithe sin ar iarr na toscaireachtaí tuilleadh soiléirithe ina dtaobh. Sainaithníodh saincheisteanna sonracha freisin, ar bhonn freagraí a tugadh ar an seicliosta, saincheisteanna ar ghá aird ar leith a thabhairt orthu agus mionphlé a dhéanamh orthu.

8. Ag an gComhairle Iomaíochais ar an 28 Samhain 2016, thíolaic an Uachtaránacht nóta faisnéise faoi "Aon Ghnó Eile". Rinneadh plé polaitiúil ina dhiaidh sin agus cuireadh Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i láthair ag an gComhairle Iomaíochais ar an 20 Feabhra 2017.

9. Tacaíonn na Ballstáit i gcoitinne le cuspóirí foriomlána an togra, i.e. chun feabhas a chur ar an gcreat lena rialaítear saorghluaiseacht mótarfheithiclí sa mhargadh inmheánach trí dhul i ngleic leis na laigí atá ann sa chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair maidir le cineálcheadú. Aontaíonn na toscaireachtaí go léir gur gá feabhas a chur ar chur chun feidhme comhchuibhithe na rialacha ar fud an Aontais chun na difríochtaí, a d'fhéadfadh a bheith ann sa bhealach a dhéanann na húdaráis chineálcheadaithe agus na seirbhísí teicniúla náisiúnta iad a léirmhíniú agus a chur chun feidhme, a laghdú. Measann siad i gcoitinne, freisin, gur cheart rialacha níos éifeachtaí, maidir le faireachas margaidh, a bheith infheidhme chun gur fearr is féidir neamhchomhlíontacht a bhrath go luath.

10. Le linn an phlé ar leibhéal na Meithle agus ar bhonn an mhalartaithe pholaitiúil a cuireadh ar bun ar leibhéal na Comhairle, tá forbairt shuntasach tagtha ar an togra comhréitigh ón Uachtaránacht i bhfianaise na n-ábhar imní atá ag na Ballstáit. Ar an iomlán, scrúdaigh an Mheitheal an téacs chun an creat atá beartaithe a shoiléiriú agus a shruthlíniú. Rinneadh roinnt forálacha teicniúla a leasú agus a chomhlánú i gcás inar gá agus, ag an am céanna, rinneadh gníomhartha tarmligthe éagsúla atá beartaithe ag an gCoimisiún a thiontú ina ngníomhartha cur chun feidhme.

11. Rinne an mheitheal an toradh a bhí ar an seisiún iomlánach a bhí ag Parlaimint na hEorpa ar an 4 Aibreán 2017 a scrúdú den chéad uair le linn an chruinnithe a bhí aici ar an 27 Aibreán 2017. Cé go bhféadfaí glacadh le leasuithe éagsúla díreach mar atá nó ar a laghad lena mbrí, chinn an Mheitheal go raibh gá le níos mó ama chun grinnscrúdú a dhéanamh ar leasuithe Pharlaimint na hEorpa.

12. Pléadh an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht mar a leagtar amach in 8647/17 é ag cruinniú de Choiste na mBuanionadaithe (COREPER) ar an 12 Bealtaine 2017. Mar thoradh ar an scrúdú sin, tháinig sé chun cinn go bhfuil tromlach na dtoscaireachtaí in ann glacadh leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht anois, leagan athbhreithnithe d’Airteagal 90 maidir le fíneálacha riaracháin san áireamh. I bhfianaise an méid sin, is é tátal an Chathaoirligh go gcuirfí an comhréiteach faoi bhráid na Comhairle Iomaíochais ar an 29 Bealtaine 2017, d’fhonn teacht ar chur chuige ginearálta.

    Leagtar amach in 9272/17 an téacs comhréitigh athbhreithnithe ón Uachtaránacht faoi mar atá sé anois tar éis COREPER an 12 Bealtaine 2017.

## III. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA POLAITIÚLA

13. Léiríonn téacs comhréitigh na hUachtaránachta na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Uachtaránacht agus ag na Ballstáit an chothromaíocht cheart a aimsiú idir na leasanna agus cuspóirí éagsúla atá i gceist. Dá bhrí sin, feictear don Uachtaránacht go bhfuil bonn maith sa téacs comhréitigh sin chun teacht ar chur chuige ginearálta ag an gComhairle Iomaíochais a bheidh ar siúl ar an 29 Bealtaine 2017. Díríonn comhréiteach na hUachtaránachta ar na hábhair is mó imní atá ag na Ballstáit tríd an togra ón gCoimisiún a mhodhnú mar seo a leanas:

### a) Rialacha maidir le faireachas margaidh (Airteagal 8 agus Aithrisí 23, 23a, 23b, 23c agus 24)

Sa togra comhréitigh ón Uachtaránacht maidir le hAirteagal 8, tá cothromaíocht idir na rialacha maidir le faireachas margaidh a neartú trína chur de cheangal go ndéanfar líon íosta seiceálacha ar fheithiclí gach bliain, ar thaobh amháin agus, ar an taobh eile, go mbeidh dóthain solúbthachta fós ag Ballstáit níos lú mar go mbeidh an deis acu fós chun iarraidh ar Bhallstáit eile na tástálacha riachtanacha a dhéanamh thar a gceann.

### b) Fíorú comhlíontachta ag an gCoimisiún (Airteagal 9)

Le haghaidh fíorú comhlíontachta, foráiltear sa togra comhréitigh ón Uachtaránacht gur féidir leis an gCoimisiún i gcónaí a scrúduithe agus a chigireachtaí féin a eagrú agus a chur i gcrích ar fheithiclí, ar chórais, ar chomhpháirteanna agus ar aonaid teicniúla ar leithligh a cuireadh ar an margadh, d’fhonn freagairt ar an toirt do neamhrialtachtaí, más gá. Dá bhrí sin, méadaítear leibhéal an neamhspleáchais san fhíorú comhlíontachta leis an téacs ón Uachtaránacht.

c) **Fóram um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú (Airteagal 10 agus Aithris 19)**

Foráiltear sa togra ón gCoimisiún go gcruthófar Fóram um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú. Leis an téacs ón Uachtaránacht, cuirtear leis an togra ón gCoimisiún, agus leagtar amach gur cheart go mbeadh ról comhairleach ag an bhFóram agus sonraítear ann, freisin, liosta de na tascanna atá le déanamh ag an bhFóram.

d) **Struchtúr náisiúnta táillí do chineálcheaduithe agus rialacha maidir le faireachas margaidh (Airteagal 30)**

Áirítear sa togra ón gCoimisiún oibleagáid ar na Ballstáit go mbunófar struchtúr naisiúnta táillí chun costais a ngníomhaíochtaí maidir le cineálcheadú agus faireachas margaidh a chumhdach. Leis an togra comhréitigh ón Uachtaránacht, baintear an oibleagáid sin díobh agus léirítear lena chois sin go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit gníomhaíochtaí maidir le faireachas margaidh a mhaoiniú ach gur cheart an rogha a bheith ag na Ballstáit i ndáil leis na modhanna a úsáidfear chun na críche sin.

e) **Bailíocht an deimhnithe ar chineálcheadú (Airteagal 33, mír 1)**

Molann an Coimisiún go gcuirfí teorainn 5 bliana le tréimhse bailíochta an deimhnithe ar chineálcheadú. Bhí tromlach mór na dtoscaireachtaí in amhras faoin mbreisluach a bhainfeadh le teorannú den chineál sin agus éilíonn siad go leantar leis an gcóras reatha nach gcuireann teorainn leis an tréimhse bailíochta. I bhfianaise an méid sin, baineadh an fhoráil ábhartha amach as an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht.

**f) Piarmheastóireacht ar údaráis chineálcheadaithe (Airteagal 71) agus measúnú ar sheirbhísí teicniúla (Airteagal 77 agus aithris 18)**

Leis an togra ón gCoimisiún, tugtar isteach coincheap na piarmheastóireachta ar údaráis chineálcheadaithe. Ós rud é go raibh cuid de na Ballstáit den tuairim go gcuireann sé le méadú ar fhorfheidhmiú aonfhoirmeach na rialacha agus an chuid eile díobh dubh ina éadan mar gheall ar an ualach riaracháin gan chúis, cuirtear cothromaíocht íogair ar fáil leis an téacs ón Uachtaránacht. Foráiltear leis, mar sin de, nach mbeidh na húdaráis chineálcheadaithe faoi réir na piarmheastóireachta nuair a ainmníonn siad a gcuid seirbhísí teicniúla ar bhonn creidiúnú cailíochtaí a aithnítear go hidirnáisiúnta.

I dtaobh na seirbhísí teicniúla de, moltar sa téacs ón Uachtaránacht go mbeidh na comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta páirteach i measúnú na seirbhísí teicniúla agus i mbunú na gcomhfhoirne measúnaithe. Cuirtear cur chuige cothrom chun tosaigh nach bhfuil an measúnú comhpháirteach sin éigeantach ach amháin in imthosca ábhartha, agus eisceachtaí ar fáil do sheirbhísí teicniúla a dhéanann ceaduithe feithicle aonair náisiúnta agus dóibh siúd nach bhfuil ach seiceáil á déanamh acu ar shuiteáil cheart na gcomhpháirteanna sna catagóirí $O_1$ agus $O_2$).

**g) Fíneálacha riaracháin (Airteagal 90 agus aithris 42)**

Leis an togra ón gCoimisiún, tugtar isteach fíneálacha riaracháin a d'fhéadfadh an Coimisiún a fhorchur ar oibreoirí eacnamaíocha a sháraíonn an Rialachán maidir le neamhchomhlíontacht na bhfeithiclí, na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil. Mar thoradh ar an seasamh a ghlac na Ballstáit ag cruinniú de Choiste na mBuanionadaithe (COREPER) ar an 12 Bealtaine 2017, thíolaic an Uachtaránacht comhréiteach athbhreithnithe maidir le hAirteagal 90 lena bhforáiltear go bhféadfaidh an Coimisiún fíneálacha riaracháin a fhorchur i gcásanna ina ngníomhaíonn an Coimisiún le beart ceartaitheach nó sriantach a bhunú ar leibhéal ar Aontais. Chomh maith leis sin, soiléirítear sa téacs athbhreithnithe nach féidir leis an gCoimisiún fíneálacha riaracháin a fhorchur más rud é gur ghearr Ballstát pionós ar an oibreoir eacnamaíoch cheana mar gheall ar an sárú céanna nó más rud é gur éigiontaigh Ballstát an oibreoir eacnamaíoch sa sárú sin. Ar deireadh, sa téacs, tugtar cumhacht, leis na gníomhartha cur chun feidhme, chun na nósanna imeachta riachtanacha a leagan síos chomh maith leis na prionsabail le fíneálacha a ríomh agus a bhailiú, mar a d'iarr roinnt toscaireachtaí.

## IV. CONCLÚID

14. Tá an Uachtaránacht den tuairim go léirítear sa téacs, mar a leagtar amach in 9272/17, comhréiteach cothrom idir na tuairimí a nocht na toscaireachtaí. Iarrtar ar an gComhairle teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta a bhaint amach ar an mbonn sin ag cruinniú den Chomhairle Iomaíochais ar an 29 Bealtaine 2017.